FETAC
Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna
Further Education and Training Awards Council

FETAC Príomhdhátaí agus Eolas

Meitheamh go Nollaig 2010

www.fetac.ie

Príomhdhátaí Meitheamh - Nollaig 2010

Córas Gnó FETAC

Cuirfidh FETAC tús le roll amach Chóras Gnó FETAC i Samhradh 2010. Beidh Córas Iontrála Gréasáin na nIarrthóirí (CIGI) i bhfeidhm i gcónaí, más ea, le haghaidh teistiú Lúnasa agus Samhain 2010. Ionaid ar mhaith leo a bheith rannpháirteach sa chéad bhabhta den roll amach, ba cheart dóibh ríomhphost a chur chuig **fbspilot@fetac.ie**

NÓTA **Ar mhiste le hionaid a bheidh ag cur foghlaimeoirí isteach ar theistiú ag leibhéil 1 agus 2 teagmháil a dhéanamh le Maria McLoughlin ag mmcloughlin@fetac.ie**

Teistiú Lúnasa 2010 Leibhéil 1 - 6

10 Iúil	Osclófar Córas Iontrála Gréasáin na nIarrthóirí (CIGI) **www.fetac.net** le haghaidh teistiú Lúnasa 2010 ar ionaid
10 Lúnasa	An lá deireanach d'fháil meastacháin ar dhámhachtainí agus ar mhodúil le haghaidh tréimhse teistiúcháin Lúnasa 2010 An dáta deireanach ar a ghlacfar le comhaid sonraí le huaslódáil
5 Meán Fómhair	Caithfidh gach torthaí fíordheimnithe a bheith istigh agus **Dearbhú** déanta (céim 8 CIGI) trí Chóras Iontrála Gréasáin na nIarrthóirí **Dúnfaidh Córas Iontrála Gréasáin na nIarrthóirí**
30 Meán Fómhair	Eiseofar teastas le haghaidh tréimhse teistiúcháin Lúnasa 2010

Teistiú Shamhain 2010 Leibhéil 1 - 6

10 Deireadh Fómhair	Osclófar Córas Iontrála Gréasáin na nIarrthóirí (CIGI) **www.fetac.net** le haghaidh tréimhse teistiúcháin Shamhain 2010
10 Samhain	An dáta deiridh d'fháil meastacháin ar dhámhachtainí agus ar mhodúil le haghaidh tréimhse teistiúcháin Shamhain 2010. An dáta deiridh le haghaidh fáil sonraí le huaslódáil, agus comhaid Áiseanna san áireamh
5 Nollaig	Caithfidh gach torthaí fíordheimhnithe a bheith istigh agus **Dearbhú** déanta (céim 8 CIGI) trí Chóras Iontrála Gréasáin na nIarrthóirí **Dúnfaidh Córas Iontrála Gréasáin na nIarrthóirí**
20 Eanáir 2010	Eiseofar teastais le haghaidh tréimhse teistiúcháin Shamhain 2010

NÓTA ### Príomhdhátaí Meitheamh – Nollaig 2010

Forlíonadh is ea an t-eolas sa bhileog seo ar an méid a cuireadh ar fáil sa chéad eagrán de Phríomhdhátaí 2010 a cuireadh chuig gach ionad i mí Mheán Fómhair 2009. Tá na dátaí agus an t-eolas seo ceaptha do sholáthraithe a bheidh ag cur cláir ar fáil a mbronnfar dámhachtainí FETAC ar a gcríoch, a bheidh ag baint úsáid as próisis agus nósanna imeachta NCVA, ar feadh na tréimhse Meitheamh-Nollaig 2010 agus clúdaíonn siad tréimhsí teistiúcháin Mheitheamh-Nollaig 2010 agus tréimhsí teistiúcháin Lúnasa agus Shamhain 2010.

Tá gach fógra agus forlíonadh cothrom le dáta ar fáil ag **www.fetac.ie**

Is féidir aon chuid den fhoilseachán seo a chóipeáil le húsáid laistigh d'ionaid.

NÓTA ### Deasc Chabhrach FETAC

Tá deasc chabhrach ag FETAC chun cúnamh a thabhairt do dhaoine a bhfuil ceisteanna acu mar gheall ar na próisis teistiúcháin nó ceisteanna ginearálta. De bharr easpa foirne, freagra ríomhphoist amháin a thugann FETAC anois ar cheisteanna a chuirtear chuig an Deasc Chabhrach.

- Má bhaineann do cheist le clárú soláthraithe le FETAC, tuarascála féinmheasúnaithe, RPL nó monatóireacht iarrtar ort ríomhphost a sheoladh chuig **qa@fetac.ie**
- Má bhaineann do cheist le teistiú iarrthóirí, mar shampla athruithe ar shonraí foghlaimeoirí nó úsáid Chóras Iontrála Gréasáin na niarrthóirí, nó dámhachtainí, seol ríomhphost chuig **certification@fetac.ie**
- I gcás gach ceist ghinearálta eile cuir ríomhphost chuig **information@fetac.ie**

Gheobhaidh tú admháil go huathoibríoch go bhfuarthas do cheist agus uimhir thagartha ghlao don cheist sin.

Déileáltar le gach ceist de réir oird agus chomh tapa agus is féidir.

Géilliúlacht do Fhoilsiú Eolais agus Úsáid Lógó FETAC

Mar chuid den monatóireacht a dhéantar ar dhearbhú cáilíochta soláthraithe, tá FETAC ag déanamh iniúchadh córasach i láthair na huaire ar láithreán Gréasáin soláthraithe chun a bheith cinnte go ngéilleann siad d'fhoilsiú eolais mar a achoimrítear sna Treoirlínte le haghaidh Soláthraithe, Eolas do Sholáthraithe
www.fetac.ie/PDF/Info_for_Learners_Guidelines_for_Providers.pdf

Mar is eol duit ní mór do sholáthraithe foghlaimeoirí a chur ar an eolas i dtaobh na nithe seo a leanas i ngach ábhar cumarsáide dá gcuid:

- ainm an chomhlachta dámhachtana,
- teideal na dámhachtana a ghabhann leis an gclár,
- leibheál na dámhachtana ar Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí,
- an cineál dámhachtana a ghabhann leis an gclár – mór/mion agus mar sin de
- teideal an chláir, munarb ionann é agus teideal na dámhachtana

Nuair a úsáidtear lógó FETAC ba cheart é a dhéanamh de réir na dtreoirlínte a shonraítear le haghaidh úsáid – féach **www.fetac.ie/PDF/Fetac_Logo_Guidelines_(ENG).pdf** Tugadh lógó FETAC cothrom le dáta chun go ngéillfeadh sé do riachtanais Acht an dTeangacha Oifigiúla 2003.

Ní mór do láithreáin Ghréasáin eolas a fhoilsiú chomh maith d'fhoghlaimeoirí ar na nithe seo a leanas:

- an t-eolas, an scil agus an inniúlacht a bheidh riachtanach chun a bheith rannpháirteach go torthúil sa chlár
- socruithe le haghaidh Aitheantas d'Fhoghlaim Roimh Ré, creidiúintí agus rochtain
- deiseanna um rochtain, aistriú agus forchéimniú chuig clár nó dámhachtainí eile sa chreatoibre
- sonraí na dtacaíochtaí foghlama atá ar fáil

Riachtanais Measúnachta

Leagann amach beartas measúnachta FETAC ról ar leith don soláthraí agus do FETAC maidir le measúnú.

Beidh ar gach soláthraí cláraithe nósanna imeachta cuí-doiciméadaithe a chur i bhfeidhm, nósanna imeachta le haghaidh:

- Measúnú cothrom agus comhsheasmhach
- Fíorú inmheánach
- Fíordheimhniú seachtrach, lena n-áirítear sannadh fíordheimhnitheora seachtraigh
- Formheas torthaí
- Achomhairc ó fhoghlaimeoirí.

NÓTA Agus teistiú á lorg d'fhoghlaimeoirí caithfidh soláthraí géilliúlacht a dhearbhú go foirmiúil do na riachtanais seo agus cur i ngníomh na nósanna imeachta seo a dheimhniú.

Caithfidh soláthraithe na nósanna imeachta doiciméadaithe agus fianaise maidir lena gcur i ngníomh a sholáthar do FETAC lena n-áirítear tuairiscí um Fhíorú Inmheánach agus um Fhíordheimhniú.

Chun cuidiú le soláthraithe na próisis seo a fhorbairt agus a chur i ngníomh beidh treoirlínte agus teimpléid ar fáil ar an láithreán Gréasáin. Féach **www.fetac.ie/assessment**

Painéal na bhFíordheimhnitheoirí Seachtracha

Tá an painéal ceaptha de fhíordheimhnitheoirí seachtracha, lena sonraí teagmhála, ar fáil ar Chóras Iontrála Gréasáin FETAC na nIarrthóirí. Iarrtar ar sholáthraithe fíordheimhnitheoir seachtrach cuí a roghnú agus a shannadh de réir a nósanna imeachta doiciméadaithe.

Soláthraíonn an painéal seo liosta de fhíordheimhnitheoirí seachtracha a bhfuil an saineolas agus an cumas acu chun torthaí measúnachta a fhíordheimhniú go seachtrach i réimsí mórdhámhachtainí, miondámhachtainí, dámhachtainí sainchuspóra agus dámhachtainí forlíontacha sna naoi réimse foghlama.

Beidh soláthraithe freagrach as a chinntiú go gcomhlíonfaidh an Fíordheimhnitheoir Seachtrach a ról agus go soláthróidh sé tuarascáil iomlán fíorúcháin a dheimhneoidh go bhfuil caighdeáin náisiúnta don dámhachtain á gcomhlíonadh.

Féinmheasúnú Clár agus Seirbhísí

Faoi théarmaí agus coinníollacha clárúcháin le FETAC, caithfidh soláthraithe féinmheasúnú a dhéanamh ar cheann amháin dá gcláir ar a laghad laistigh de bhliain féilire de dháta a gcéad chlárú agus uair amháin ar a laghad gach cúig bliana ina dhiaidh sin. Próiseas criticiúil is ea an próiseas meastóireachta chun a chinntiú go gcuirfear beartais agus nósanna imeachta atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de i bhfeidhm go héifeachtach agus bainfidh FETAC úsáid as tuarascálacha meastóireachta chun monatóireacht a dhéanamh.

Gheofar sonraí ar Fhéinmheasúnú Clár agus Seirbhísí ar Roinn B9 de Threoirlínte Údarás na gCáilíochtaí. Tá teimpléid ceaptha agus FETAC chun cuidiú le soláthraithe agus féinmheasúnú ar bun acu. I measc na dteimpléad seo tá Seicliosta Féinmheasúnachta, Tuarascáil Féinmheasúnachta agus Plean um Chlár Feabhsúcháin. Is don soláthraí an Tuarascáil Meastóireachta agus an Plean um Chlár Feabhsúcháin, ach ba chóir cóipeanna de thuarascálacha críochnaithe a chur chuig **self-evaluation@fetac.ie**

Monatóireacht FETAC

Príomhfheidhm de chuid FETAC is ea é monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh éifeachtacht chóras cáilíochta an tsoláthraithe chun iomláine dámhachtainí FETAC a chinntiú. Leagann beartas FETAC um monatóireacht amach na gnéithe agus na próisis atá i gceist i monatóireacht. atá comhdhéanta de mhonatóireacht deisce, cuairteanna ar láithreáin agus obair bhreise agus athbhreithniú ag foireann de mhonatóirí bunaithe sna réigiúin.

Tá próiseas monatóireachta i bhfeidhm ag FETAC mar a ndéantar athbhreithniú ar chóras cáilíochta an tsoláthraí agus déantar tuarascáil caighdeánach monatóireachta, aithnítear dea-chleachtas agus réimsí le haghaidh feabhsúcháin mar is cuí. Díreoidh monatóireacht idir 2009-2010 ar éifeachtacht chórais cáilíochta an tsoláthraí agus díreofar ar sholáthraithe a thairgeann dámhachtainí FETAC i raon leathan réimsí agus earnálacha. Díreoidh monatóireacht idir 2009-2010 ar éifeachtacht chórais cáilíochta an tsoláthraí agus díreofar ar sholáthraithe a thairgeann dámhachtainí FETAC i raon leathan réimsí agus earnálacha. Is féidir le gach soláthraí a bheith ag súil go ndéanfaidh FETAC monatóireacht air mar choinníoll clárúcháin. Déanfar teagmháil le soláthraithe roimh ré agus cuirfidh montóir FETAC gach eolas chucu faoin bpróiseas monatóireachta. Foilseofar tuarascálacha monatóireachta agus beidh siad mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil Monatóireachta. Tá Tuarascáil Bhliantúil Monatóireachta 2008 ar fáil le híoslódáil ar láithreán Gréasáin FETAC ag **www.fetac.ie/providers/default.htm**

Meabhrúcháin le haghaidh Soláthraithe

Méaduithe ar tháillí

Tá ráta leasaithe táillí i bhfeidhm le haghaidh teistiú ó thréimhse teistiúcháin Shamhain 2009 i leith. Gheofar tábla de na rátaí táillí reatha ar **www.fetac.ie/ncva/certification_fees.htm**

Ag iarraidh teistiú FETAC do fhoghlaimeoirí

Sa bhliain 2009 d'eisigh FETAC fógra tábhachtach do gach soláthraí/ionad maidir le hiarratais ar theistiú i gcás foghlaimeoirí a bhí páirteach i gcláir arna soláthar ag soláthraithe agus/nó ionaid/oiliúnaithe eile agus a raibh iarracht déanta acu teistiú a éascú trí sholáthraithe cláraithe de chuid FETAC. Ní féidir clárú a aistriú ó sholáthraí amháin go soláthraí eile agus caithfidh soláthraithe a dhéanann amhlaidh éirí as an nós seo láithreach nó coinneofar siar a dteistiú féin. Féach an fógra ag **www.fetac.net**

Struchtúr faofa le haghaidh mórdhámhachtainí

Ba cheart do sholáthraithe/ionaid a thairgeann mórdhámhachtainí le haghaidh teistiú féachaint ar **www.fetac.ie** le haghaidh struchtúir faofa le haghaidh mórdhámhachtainí. Tá raon miondhámhachtainí ar fáil chomh maith do gach soláthraí/ionad le haghaidh teistiú.

Clárú clár

Meabhraítear do sholáthraithe go gcaitfear aon chláir as a leanann dámhachtainí FETAC a chlárú. Ba cheart an clárleabhar a thabhairt cothrom le dáta aon uair a chuireann tú clár nua ar fáil nó go gcuirtear clár a bhí cláraithe cheana féin ar ceal. Chun clár/cláir a chlárú, téigh chuig láithreán Gréasáin FETAC **www.fetac.ie** mar ar féidir leat dul Quick Links ar an leathanach baile agus as sin go Clárú Clár mar ar féidir leat logáil isteach. Má tá cabhair bhreise uait seol ríomhphost chuig **information@fetac.ie** agus cuir 'Clárú Clár' sa líne ábhair.

FETAC

Plaza na Roinne Thoir, Páirc Ghnó na Roinne Thoir, Baile Átha Cliath 3

Teil: +353-1-865 9500 Facs: +353-1-865 0067 Ríomhphost: information@fetac.ie Láithreán Gréasáin: www.fetac.ie

NDP Plean Forbartha Náisiúnta Athrú Mór ar Éirinn

Cláir Chistí Struchtúracha AE na hÉireann 2007-2013

Cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach

SYSTEM CERTIFICATION ISO 9001:2000 SGS